# Spina Bifida

*Our vision is that people with Spina Bifida and/or Hydrocephalus will participate to their fullest potential in all aspects of life.*

Ó spriocanna IASBAH (Cumann na hÉireann um Spina Bifida agus Hidriceifileas)
http://www.iasbah.ie/about.htm

Is éalang sa dromlach é spina bifida agus tarlaíonn sé nuair nach bhfoirmíonn veirteabraí amháin nó níos mó i gceart, rud a fhágann bearna atá in ann damáiste a dhéanamh don lárchóras néaróg. Seans go mbeidh máinliacht agus cúram cuimsitheach leighis eile ag teastáil ó leanaí a bheirtear le spina bifida mar gheall ar an bpairilis a d'fhéadfadh tarlú toisc damáiste don dromlach. Seans go bhfuil nasc ann idir spina bifida agus fadhbanna putóige agus lamhnáin. Bíonn hidriceifileas (bailiú sreabháin san inchinn) ag céatadán mór leanaí a bheirtear le spina bifida.

Tá trí phríomhchineál spina bifida ann: *spina bifida occulta* (faoi cheilt); *spina bifida cystisa* (cosúil le cist); agus *bifida cráiniam*. Is é *spina bifida cystisa* an ceann is mó a mbeidh míchumas fisiceach ag baint leis. Tá dhá fhoirm ann. I *meningocele*, an fhoirm is neamhchoitianta de spina bifida, níl mórán damáiste déanta do néaróga agus tá siad ábalta feidhmiú. I mylomeningocele, an fhoirm is coitianta de spina bifida agus an ceann is tromchúisí freisin, bíonn leibhéal áirithe pairilise agus leibhéal áirithe caillteanais mothúcháin i gcónaí ann. Le *mylomeningocele*, tá leibhéal an mhíchumais ag brath ar an áit a bhfuil an spina bifida suite agus ar cé chomh mór agus atá an damáiste sna néaróga. Go hiondúil i gcás daltaí a mbíonn an riocht seo orthu úsáideann siad cathaoir rotha agus bíonn deacracht acu smacht a choinneáil ar chúrsaí putóige agus lamhnáin.

I ndalta a mbíonn spina bifida orthu is féidir leo deacrachtaí comhordaithe agus aireachtála a beith acu, rud a chuireann isteach ar a gcuid foghlama. Seans go mbeidh cuimhne ghearrthéarmach agus deacrachtaí urlabhra agus amhairc acu freisin. Ach, caithfear cuimhneamh go bhfuil éagsúlachtaí leathana ann maidir le riachtanais an dalta aonair.

# Leideanna Foghlama agus Teagaisc

- Seans go mbeidh ort scileanna ar leith a theagasc do na daltaí seo - mar shampla, scimeáil agus scanadh agus conas gluaiseachtaí súl a úsáid. Go minic bíonn deacrachtaí ann lena leithéid de scileanna toisc go mbíonn deacrachtaí ag na daltaí le comhordú agus/nó le haireachtáil.
- Smaoinigh ar chead a thabhairt don dalta ceachtanna a chlos-taifeadadh.
- Má úsáideann daltaí cathaoireacha rotha, crom síos chun labhairt leo ionas go mbeidh siad in ann tú a fheiceáil.

- Téigh chuig an teiripeoir saothair chun cúnamh a fháil.
- Seans go mbeidh moill ar fhoghlaim léitheoireachta, scríbhneoireachta agus matamaitice de bharr fadhbanna luaileacha, spásúla agus aireachtála.
- Seans go mbeidh tionchar ag droch-chomhordú luaileach ar na rudaí is féidir leis an dalta a dhéanamh ar an gcuraclam Corpoideachais, agus ba chóir gníomhaíochtaí a oiriúnú chun é seo a chur san áireamh.
- Deasca a bhfuil cruth bord orthu, seans go mbeidh a leithéid ag teastáil ó dhaltaí, má tá cathaoir rotha acu, chun dóthain spáis a chur ar fáil do na cosa.
- Bain feidhm as 'córas dlúthchairde' do thascanna, mar shampla, turgnaimh Eolaíochta.
- Tabhair dóthain ama don dalta le gníomhaíochtaí a chur i gcrích.

- B'fhéidir go mbeidh ort an clár bán/dubh sa seomra ranga a ísliú má tá an dalta i gcathaoir rotha.
- Úsáid tacais, racaí léitheoireachta inaistrithe nó deasca incheartaithe ionas go mbeidh sé níos éasca ag an dalta léitheoireacht a dhéanamh.
- Spreag rannpháirtíocht ghníomhach sa seomra ranga.
- Cothaigh caidrimh shóisialta.

## Acmhainní/Tagairtí Breise

1. Algozzine, B. agus Ysseldyke, J.E. (2006) *Teaching Students with Medical, Physical and Multiple Disabilities: A Practical Guide for Every Teacher,* Thousand Oaks, CA: Corwin Press.
2. An Clinic Lárnach Íocshláinteach, Éire: soláthraítear raon sainseirbhísí anseo do leanaí agus aosaigh le míchumais fhisiceacha, láithreán gréasáin: http://www.crc.ie/
3. The Australian Spina Bifeda and Hydrocephalus Association (ASBHA) láithreán gréasáin: http://www.asbha.org.au/
4. Cumas Éireann (Enable Ireland): soláthraíonn siad seirbhísí do leanaí agus dá dteaghlaigh, a chlúdaíonn gnéithe d'fhorbairt fhisiceach, oideachasúil agus shóisialta an linbh ón luath-naíonacht go hógántacht. Soláthraíonn Cumas Éireann seirbhísí d'aosaigh chomh maith, láithreán gréasáin: http://www.enableireland.ie/
5. Cumann na hÉireann um Spina Bifida agus Hidriceifileas, láithreán gréasáin: http://www.iasbah.ie/
6. Dicken, J.J. (2005) *Cody's Story: Living One Day at a Time with Spina Bifida,* Frederick, MD: PublishAmerica.
7. Fox, M. (2003) *Including Children 3–11 with Physical Disabilities: Practical Guidance for Mainstream Schools,* Londain: David Fulton Publishers.
8. Grogan, M. (2007) Partners in Education: *A Handbook on Disability Awareness and Inclusive Practices for Students with Disabilities* (2ú eag.), Uíbh Fhailí: Ionad um Maireachtáil Neamhspleách Uíbh Fhailí. Ar fáil ó Michael Nestor, IMN Uíbh Fhailí. Teil: 0579322832/24144 ríomhphost oicl@eircom.net.
9. Lutkenhoff, M. (2000) *Children with Spina Bifida: A Parent's Guide,* Bethesda, MD: Woodbine House.
10. Lutkenhoff, M. agus Oppenheimer, S.G. (eds.) (1997) *SPINAbilities: Young Person's Guide to Spina Bifida,* Bethesda, MD: Woodbine House.
11. Spina Bifida Association (RA), láithreán gréasáin: http://www.asbah.org/
12. Spina Bifida Association (SAM), láithreán gréasáin: http://www.sbaa.org/